*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: E. Sliwinska agus J. Crespo Carrillo, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Prollenium Medical Technologies, Inc. (Aurora, Ontario, Ceanada) (ionadaí: R. Lyxell, Dlíodóir)

**Ábhar:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar an chinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 2 Iúil 2021 a neamhniú (Cás R 146/2021-4).

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do Purasac Co. Ltd na costais a íoc.

(1) IO C 422, 18.10.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – Brand Energy Holdings v EUIPO (RAPIDGUARD)**

**(Cás T-573/21)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh RAPIDGUARD – Dearbhfhorais le diúltú – Cineál tuairisciúil – Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Easpa leithleachais – Airteagal 7(1)(b) de Rialachán 2017/1001 – An ceart chun éisteacht a fháil)***

(2022/C 359/84)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Brand Energy Holdings BV (Flardingue, an Ísiltír) (ionadaithe: A. Hönninger agus F. Dechent, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: D. Walicka, i gcáil Gníomhaire)

**Ábhar:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar an chinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 30 Meitheamh 2021 a neamhniú (Cás R 294/2021-5).

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do Brand Energy Holdings BV a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a íoc.

(1) IO C 431, 25.10.2021.